Bean an larainn

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi Margaret Thatcher.

A. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat plé ar an mhéid eolais atá agaibh ar Margaret Thatcher.

B. An féidir libh anois na téarmaí ar chlé a mheaitseáil leis na sainmhínithe ar dheis?

príomh-aire	-neamhspleách
i gcomharbacht ar	-teacht tar éis duine eile
An Páirtí Caomhach	-an eite dheis de pholaitíocht na Breataine
tromlach	-pionóis a ghearrtar ar thíortha
tascfhórsa	-an chuid is mó
smachtbhannaí	-cosúil le ‘Taoiseach’ na tíre seo
ceardchumann	-daoine ag léirsiú, go foréigneach go minic
beag beann ar	-lucht a sheasann ar son na n-oibrithe
círéib	-grúpa den airm

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Cén fáth ar luadh na dátaí seo sa mhír?

1979: _____

1981: _____

1982: _____

1983: _____

1985: _____

1953: _____

Ceist 3 Scríobh cuntas gairid iarbháis ar shaol Margaret Thatcher i d'fhocail féin, agus bunaithe ar an mhír. Léigh amach é don duine in aice leat ansin.

Ceist 4 '…*Bhí*…'

Éist leis an mhír arís agus breac síos an leagan de na briathra seo a chloisfidh tú inti sna spásanna tugtha.

Bí	_____
Tar	_____
Bain	_____
Tabhair	_____
Léirigh	_____
Seol	_____
Tóg	_____
Tarraing	_____
Cuir	_____
Cuir	_____
Sínigh	_____
Bí	_____
Faigh	_____
Bris	_____
Tabhair	_____
Tar	_____
Togh	_____

An féidir leat a rá cén chuid den bhriathar atá i gceist?

Ceist 5 Cén fáth….conas….cén áit…..

A. Cad é an clásal coibhneasta díreach agus cad é an clásal coibhneasta indíreach sna samplaí thíos?

   1. Cé chomh minic is a théann tú ann?
   2. Cén fáth a dtéann tú ann?

B. Cén aimsir atá i gceist leis na samplaí seo thíos?

   Cén fáth a mbeidh tú ann?
   Cén fáth ar cuireadh amach é?
   Cén fáth a ndéanann sí é sin?
   Cén fáth ar cheannaigh sé an gluaisteán sin?

C. Féach ar na focail seo a leanas a úsáidtear chun ceisteanna a chumadh. An féidir leat a rá an leanann an clásal coibhneasta díreach nó indíreach iad? Cuir sna boscaí cearta iad!

cathain, cén áit, cé chomh minic, conas, cad chuige, cén fáth, cé mhéad, cad, cé, cé dó, cad faoi, cén fhad, cén tslí

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach

D. Cad a bhí ag an duine in aice leat? An féidir libh ceisteanna a chumadh ag úsáid na bhfocal sna boscaí anois?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa

- Cad í do bharúil faoi Margaret Thatcher? Mínigh do fhreagra.
- An síleann tú go bhfuil comhionannas ann idir mná agus fir in Éirinn?
- An bhfuil gá le ‘Lá Idirnáisiúnta na mBan? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1 A

Tabhair deis do gach beirt a bhfuil ar eolas acu faoi Margaret Thatcher a phlé le chéile.

Ceist 1 B

príomh-aire i gcomharbacht ar An Páirtí Caomhach tromlach tascfhórsa smachtbhannaí ceardchumann beag beann ar círéib	-cosúil le 'Taoiseach' na tíre seo -teacht tar éis duine eile -an eite dheis de pholaitíocht na Breataine -an chuid is mó -grúpa den airm -pionóis a ghearrtar ar thíortha -lucht a sheasann ar son na n-oibrithe -neamhspleách -daoine ag léirsiú, go foréigneach go minic

Ceist 2

1979: Tháinig sí i gcomharbacht ar Edward Heath mar cheannaire ar an Pháirtí Caomhach agus bhaineadar amach tromlach 43 suíochán in aghaidh an Lucht Oibre.
1981: Stailceanna ocrais sna H-Bhloic.
1982: Sheol sí tascfhórsa ó chabhlach na Breataine le hOileáin Fháclainne a thógáil in athuair ón Airgintín.
1983: Bhí bua sa toghchán aici arís.
1985: Shínigh sí an Conradh Angla-Éireannach.
1953: Toghadh den chéad uair í in Finchley.

Ceist 3

Iarr ar na foghlaimeoirí an cuntas iarbháis a scríobh agus a léamh amach don duine in aice leo.

Ceist 4

Bí – bhí (aimsir chaite)
Tar – tháinig (aimsir chaite)
Bain – bhaineadar (aimsir chaite, tríú pearsa iolra, foirm tháite)
Tabhair – thugtaí (aimsir ghnáthchaite, briathar saor)
Léirigh – léirigh (aimsir chaite)
Seol – sheol (aimsir chaite)
Tóg – a thógáil (ainm briathartha)
Tarraing – tharraing (aimsir chaite)
Cuir – cuireadh (aimsir chaite, briathar saor)
Cuir – chuir (aimsir chaite)
Sínigh – shínigh (aimsir chaite)
Bí – go raibh (aimsir chaite, indíreach)
Faigh – faighte (aidiacht bhriathartha)
Bris – bhris (aimsir chaite)
Tabhair – a thabhairt (ainm briathartha)
Tar – tháinig (aimsir chaite)
Togh – toghadh (aimsir chaite, briathar saor)

Ceist 5

A. Cé chomh minic is a théann tú ann? **Clásal coibhneasta díreach**
Cén fáth a dtéann tú ann? **Clásal coibhneasta indíreach**

B.

Cén fáth a mbeidh tú ann? **Aimsir fháistineach**
Cén fáth ar cuireadh amach é? **Aimsir chaite, briathar saor**
Cén fáth a ndéanann sí é sin? **Aimsir láithreach**
Cén fáth ar cheannaigh sé an gluaisteán sin? **Aimsir chaite**

C.

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach
cathain, cé chomh minic, conas, cé mhéad, cad, cé, cén fhad,	cén áit, cad chuige, cén fáth, cé dó, cad faoi, cén tslí

D.

Cathain a bheidh tú ar laethanta saoire?
Cé chomh minic is a théann tú go dtí an phictiúrlann?
Conas a dhéanann tú é sin?
Cé mhéad duine a bhí ann?
Cad a rinne tú aréir?
Cé a chuaigh leat?
Cén fhad a mhairfidh an rang?

Cén áit a mbeidh an cruinniú ar siúl?
Cad chuige ar chaith sé an liathróid?
Cén fáth a bhfuil sise anseo?
Cé dó ar thug tú an t-airgead?
Cad faoi a raibh sibh ag caint?
Cén tslí a ndéanfaidh sé é?

Ceist 6

Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Sorcha Ní Riada

Iníon Grósaera ó Lincolnshire ba ea Margaret Hilda Roberts. Bhí sí ina príomh-aire ar an mBreatain ar feadh aon bhliain déag. Tháinig sí i gcomharbacht ar Edward Heath mar cheannaire ar an Pháirtí Caomhach[1] agus bhaineadar amach tromlach 43 suíochán in aghaidh an Lucht Oibre i 1979. 'Bean an larainn' an leasainm a thugtaí[2] uirthi go minic go háirithe toisc an cur chuige a léirigh sí le linn na stailceanna ocrais sna H-Blocanna[3] in 1981. I 1982 sheol sí tascfhórsa ó chabhlach na Breataine le hOileáin Fháclainne a thógáil in athuair ón Airgintín. Tharraing an taoiseach, Cathal Ó hEochaidh, siar tacaíocht na tíre seo do smachtbhannaí Eorpacha in aghaidh na hAirgintíne nuair a cuireadh long de chuid na hAirgintíne, an *General Belgrano,* go tóin poill. Chuir sé seo leis an droch-chaidreamh eatarthu. Tar éis bua in Oileáin Fháclainne bhí bua eile aici sa toghchán in 1983. Sheas sí in aghaidh cheardchumainn mhóra na Breataine i stailc fhada na mianadóirí go háirithe. Dhein[4] sí príobháidiú ar thionscail stáit cosúil le *British Telecom* agus comhlachtaí gáis agus uisce. Chuir sí isteach ar phoblachtánaigh sa deisceart agus sa tuaisceart de bharr a dearcaidh[5] faoi thuarascáil an *New Ireland Forum*. Mar sin féin, shínigh sí an Conradh Angla-Éireannach i 1985 beag beann ar olc na n-aontachtach mar go raibh tionchar áirithe faighte ag rialtas Garrett Fitzgerald ar chúrsaí ó Thuaidh. Bhris círéibeacha[6] amach nuair a dhein sí iarracht cáin chaipitil[7] a thabhairt isteach agus tháinig John Major i gcomharbacht uirthi i 1990. 87 bliain d'aois a bhí Margaret Thatcher a toghadh ar dtús in Finchley in 1953.
Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4.

[1] *ar an Pháirtí Chaomhach* a deirtear
[2] *a tugtaí* a deirtear
[3] *H-Bhloic* atá sa chaighdeán oifigiúil
[4] *rinne* atá sa chaighdeán oifigiúil
[5] *de bharr a dearcadh* a deirtear
[6] *círéibeanna* a deirtear
[7] *chaipitleach* a deirtear